Tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa — ag tacú le dul chun cinn sa mhargadh saothair: conas an infhostaitheacht a chothabháil, borradh a chur faoin táirgiúlacht agus scileanna a fhorbairt, go háirithe in FBManna

(tuairim féintionscnaimh)

(2023/C 146/03)

Rapóirtéir: **Mariya MINCHEVA**

Comhairliúchán	Cinneadh ón mBiúró, 18.1.2022
Bunús dlí	Airteagal 52(2) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh
Cinneadh ón Tionól Iomlánach	20.1.2022
Bunús dlí	Riail 52(2) de na Rialacha Nós Imeachta
	Tuairim féintionscnaimh
Rannóg atá freagrach	Fostaíocht, Gnóthaí Sóisialta agus Saoránacht
Dáta a glactha sa rannóg	30.1.2023
Dáta a glactha sa seisiún iomlánach	22.2.2023
Seisiún iomlánach Uimh.	576
Toradh na vótála	
(ar son/in aghaidh/staonadh)	153/2/2

1. **Conclúidí agus moltaí**

1.1. Tá **claochlú ag tarlú i margadh saothair na hEorpa** agus tá dúshláin nua le sárú ann i ngeall ar an dlús atá ar an dul chun cinn teicneolaíoch agus ar an bhfás cliste inbhuanaithe, maille leis an athrú aeráide, **an t-athrú déimeagrafach** agus an t-aosú, an imirce, **an t-aistriú digiteach agus an t-aistriú glas**. I ndáil leis an gclaochlú sin, teastaíonn tuiscint mhaith ar na **cineálacha scileanna** atá ag teastáil le haghaidh claochluithe sa mhargadh saothair amach anseo, lena n-áirítear in FBManna, d'fhonn infhostaitheacht inbhuanaithe a chothabháil, rannchuidiú le hardleibhéal táirgiúlachta a bhaint amach agus ganntanais lucht saothair a laghdú.

1.2. **Forbairt scileanna agus cur chun feidhme éifeachtach an chirt chun foghlama ar feadh an tsaoil agus na rochtana ar an bhfoghlaim sin, ní mór iad sin a bheith mar chuid lárnach de straitéisí níos leithne um fhás eacnamaíoch agus de phleananna téarnaimh agus athléimneachta.** Tá tionchar láidir ag an réabhlóid theicneolaíoch **ar chineál na hoibre agus ar chineál na bpost**, agus tá dlús á chur le treochtaí san **athstruchtúrú fostaíochta** dá barr. Dá bhrí sin, tá dlúthbhaint ag an infhostaitheacht leis an inniúlacht oibrithe a uas-sciliú agus a athsciliú ar leibhéal na fiontraíochta chun go mbeidh siad in ann athruithe agus dearcthaí daoine i leith scileanna agus deiseanna nua a bhainistiú, agus spreagadh a thabhairt dóibh chun na scileanna a fhorbairt agus na deiseanna a thapú.

1.3. Tá líon mór **dúshlán ann a mhéid a bhaineann le haistrithe a bhainistiú fad shaol na hoibre** mar gheall ar thosca éagsúla, amhail sochaí atá ag dul in aois agus treochtaí déimeagrafacha. Is éard atá i gceist leis na dúshláin sin: cóir chothrom chomhionann a bheith ann do gach glúin; an mhian a bheith ann oiliúint a fháil, scileanna a fhorbairt agus deiseanna uas-scilithe agus athscilithe a thapú; agus rochtain chomhionann a bheith ann ar na deiseanna sin uile sin. Tríd an méid sin, mhéadófaí na leibhéil táirgiúlachta tuilleadh, d'fheabhsófaí acmhainneachtaí gairmiúla an duine aonair, choinneofaí na difríochtaí ó ghlúin go glúin faoi smacht, agus chinnteofaí go mbeadh comhar agus tacaíocht fhrithpháirteach idir na glúnta san áit oibre. Tá an-tábhacht leis an bhfoghlaim aosach maidir le huas-sciliú daoine fásta agus d'fhéadfadh réimse tairbhí a bhaint aisti don duine aonair, don tsochaí agus don gheilleagar.

1.4. Tagann Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa (CESE) leis an tuairim go bhfuil "**réabhlóid scileanna ag teastáil ón Aontas chun a áirithiú go mbeidh rath ar na daoine"** ([1]) agus iarrann sé go ndéanfaidh institiúidí, gnólachtaí, comhpháirtithe sóisialta agus geallsealbhóirí iarrachtaí agus gníomhaíocht éifeachtach chomhpháirteach faoin gComhshocrú um Scileanna agus go mbainfear amach na spriocanna uaillmhianacha a leagadh amach ina chlár. Ar a shon sin, is díol sásaimh do CESE an togra ón gCoimisiún Eorpach go mbeidh Bliain Eorpach um Scileanna ann in 2023 ([2]).

1.5. Is príomhghníomhaithe iad na **comhpháirtithe sóisialta** maidir leis an acmhainneacht dhaonna a fhorbairt chun go mbainfí an fhorbairt inbhuanaithe amach agus chun go ndéanfaí scileanna infhostaitheachta a chothabháil. Tá an-tábhacht le ról na gcomhpháirtithe sin i bpróiseas cómhargála fónta agus éifeachtach chun an bhearna idir uaillmhian an fhostaí ina ghairm bheatha agus riachtanais na cuideachta a líonadh, chun scileanna a aithint, ach freisin chun neartú a dhéanamh ar an nasc idir córais oideachais, córais ghairmoideachais agus ghairmoiliúna agus seirbhísí fostaíochta ar thaobh amháin, agus beartais maidir le forbairt nuálaíochta, tionsclaíochta, trádála, agus teicneolaíochta ar an taobh eile. Is uirlisí cumhachtacha iad an t-idirphlé sóisialta agus an chómhargáil chun na spriocanna sin a bhaint amach. Is maith atá eagraíochtaí na sochaí sibhialta in ann timpeallachtaí foghlama seachfhoirmiúla agus neamhfhoirmiúla a chur ar fáil chomh maith le páirt fhiúntach a thabhairt do shaorálaithe corparáideacha chun príomhinniúlachtaí a fhorbairt. Tá ról tábhachtach freisin ag eagraíochtaí faoi seach na sochaí sibhialta, go háirithe iad siúd atá ag feidhmiú i réimse na fiontraíochta sóisialta nó a oibríonn le grúpaí éagsúla leochaileacha sa tsochaí.

1.6. Leis na **cineálacha nua fostaíochta** arb ann dóibh mar thoradh ar na hathruithe ar chineál na hoibre, cineálacha nua a ndéantar cosaint iomchuí orthu, féadfar raon deiseanna éagsúla a chur ar fáil do dhaoine chun tabhairt faoin bhfiontraíocht, chun a n-ioncaim a éagsúlú, agus chun dul i mbun gairmeacha agus gníomhaíochtaí nach raibh fáil acu orthu roimhe seo. Má táthar chun an infhostaitheacht a chothabháil faoi na coinníollacha sin, tá rialáil iomchuí ag teastáil, lena n-áirítear tríd an gcómhargáil, córas gairmoiliúna trínar féidir scileanna fiontraíochta agus gairmiúla a fhorbairt de réir riachtanais mhargadh an tsaothair, cineál nua meoin spreagtha, agus an cultúr ceart dlíthiúil agus eacnamaíoch.

1.7. D'fhéadfadh an **claochlú digiteach** dúshlán a chruthú a mhéid a bhaineann leis an infhostaitheacht a chothabháil agus margadh rathúil saothair a bhaint amach i roinnt mhaith codanna dár sochaí. D'fhéadfadh sé riosca a ardú go rachadh neamhionannais in olcas mar gheall ar dhifríochtaí i réimse an oideachais agus na gairmoiliúna, lena n-áirítear an litearthacht bhunúsach agus an litearthacht fheidhmiúil, bacainní aoise, rochtain ar theicneolaíochtaí nua-aimseartha mar aon lena oiread a úsáidtear na teicneolaíochtaí sin ag brath ar scileanna agus ar ioncaim. Gan amhras, i measc na ndúshlán is tábhachtaí a bheidh ann amach anseo, beidh an cumas chun **scileanna digiteacha** a nuashonrú go leanúnach, de réir na n-athruithe ar an margadh saothair agus i gcomhréir leis na teicneolaíochtaí nua a thabharfar isteach. Ar an ábhar sin, is díol sásaimh do CESE na hinfheistíochtaí mórscála atá beartaithe faoi na pleananna náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta chun tacú le scileanna digiteacha a mhéadú ([3]).

1.8. Chun go n-éireoidh leis an aistriú glas, beidh gá le daoine ag a bhfuil na scileanna cearta agus le háiteanna oibre a bhfuil an timpeallacht cheart oibre agus na córais táirgthe ghlais acu. Tá príomhról ag na comhpháirtithe sóisialta maidir le haistriú cóir a áirithiú i roinnt earnálacha eacnamaíocha a ndéanfar na poist atá iontu cheana a chlaochlú ó bhonn. Tá ceithre ghrúpa **scileanna** ann a mheastar a mbaineann tábhacht ar leith leo i dtaobh gairmeacha **glasa**: scileanna innealtóireachta agus teicniúla; scileanna eolaíochta; scileanna bainistithe oibriúchán; agus scileanna faireacháin. Tacaíonn CESE leis na gníomhaíochtaí a rinneadh cheana ar leibhéal an Aontais chun an inbhuanaitheacht chomhshaoil agus an t-aistriú glas a chur chun cinn mar ábhar foghlama san Aontas ([4]) agus iarrann sé go gcuirfí réitigh phraiticiúla ar fáil do shaoránaigh agus gnólachtaí an Aontais.

([1]) *European Skills Agenda for sustainable competitiveness, social fairness and resilience* [An Clár Oibre Scileanna don Eoraip don iomaíochas inbhuanaithe, don chothroime shóisialta agus don athléimneacht, COM(2020) 274 final)].

([2]) Féach Aitheasc 2022 ar Staid an Aontais le Ursula von der Leyen, Uachtarán an Choimisiúin Eorpaigh, https://ec.europa.eu/commission/presscorner/detail/ga/SPEECH_22_5493

([3]) https://ec.europa.eu/economy_finance/recovery-and-resilience-scoreboard/assets/thematic_analysis/scoreboard_thematic_analysis_digital_skills.pdf

([4]) GreenComp: *The European sustainability competence framework* [GreenComp: an creat Eorpach um inniúlachtaí inbhuanaitheachta]. Moladh ón gComhairle an 16 Meitheamh 2022 maidir le haistriú cóir i dtreo na haeráidneodrachta a áirithiú (2022/C 243/04). Moladh ón gComhairle an 16 Meitheamh 2022 maidir le foghlaim don aistriú glas agus don fhorbairt inbhuanaithe (2022/C 243/01).

1.9. Beidh scileanna cognaíocha ardoird ag teastáil níos mó agus níos mó i dtaobh riachtanais an mhargaidh saothair amach anseo ionas go bhféadfaí oibriú agus cinntí a dhéanamh i dtimpeallacht nach féidir a thuar, nach mbaineann gnáthamh léi agus atá de shíor ag athrú. Tá "meitiscileanna", lenar féidir dlús a chur le scileanna eile a fhoghlaim agus atá ina gcatalaíoch i gcomhair na foghlama ar bhonn níos tapúla agus na forbartha rathúla ar feadh an tsaoil, ríthábhachtach chun an infhostaitheacht a chothabháil sna dálaí nua-aimseartha.

1.10. Tá méadú ag teacht ar a thábhachtaí atá ról na gcóras maidir le scileanna a ghnóthú, a thuar agus a aicmiú i bhfianaise riachtanais an mhargaidh saothair atá ag athrú go mór. Ag an am céanna, is gá feabhas a chur ar dhearadh agus ar chur chun feidhme na n-uirlisí lena ndéantar riachtanais scileanna i dtíortha aonair a thuar. Chuige sin, ba chóir do na geallsealbhóirí uile a bheith rannpháirteach go gníomhach sa phróiseas sin agus úsáid iomlán a bhaint as na torthaí.

1.11. Trí scileanna agus cáilíochtaí a chur i gcroílár dhíospóireacht pholaitiúil na hEorpa, ba cheart go spreagfaí an méid seo a leanas:

1.11.1. slógadh rialtas, gnólachtaí, comhpháirtithe sóisialta agus geallsealbhóirí chun straitéisí scileanna atá nua-aimseartha agus cuimsitheach a fhorbairt agus a chur chun feidhme ar an leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal earnála; cruthú breis deiseanna foghlama agus forbartha atá níos fearr ná na deiseanna atá ann cheana; mealladh agus coinneáil tallainne le go bhforbrófaí acmhainní tábhachtacha digiteacha, glasa agus cognaíocha, bogscileanna, an inniúlacht athruithe a bhainistiú, agus scaoileadh tuilleadh infheistíocht phoiblí agus tuilleadh infheistíocht phríobháideach;

1.11.2. úsáid na hintleachta saorga i gcórais meaitseála scileanna agus múscailt feasachta maidir leis na dea-chleachtais atá sa réimse sin cheana féin. Is féidir gur córais iad sin a mbaintear feidhm astu i seirbhísí poiblí fostaíochta agus san earnáil phríobháideach araon;

1.11.3. brostú na bpróiseas chun an gairmoideachas agus an ghairmoiliúint a thabhairt cothrom le dáta agus a chomhtháthú. Leis sin, bheadh an gairmoideachas níos tarraingtí, níos fearr ó thaobh cáilíochta de, níos solúbtha agus níos fusa a chur in oiriúint do riachtanais oibrithe ar aoiseanna difriúla ó chatagóirí difriúla agus do riachtanais an mhargaidh saothair. D'fhreagródh sé freisin don ghá le príomhinniúlachtaí a chothú ar mhaithe le timpeallacht fhónta iomaíoch, an inbhuanaitheacht agus an t-aistriú chuig geilleagar glas agus geilleagar digiteach a áirithiú;

1.11.4. cruthú dálaí agus ábhair spreagtha do dhaoine óga, trí bhíthin na gairmthreorach, le go nglacfaidís páirt sa mhargadh saothair, rud a d'fhágfadh go mbeadh rochtain acu ar dhálaí maithe oibre agus ar fhíorfhorbairt gairme.

1.12. Ba cheart FBManna a spreagadh oibriú i líonraí a bhíonn i dteagmháil le chéile, comhoibriú chun na costais a bhaineann le taighde ar riachtanais scileanna a roinnt, agus a gcumas a chomhthiomsú chun freagairt do na dúshláin a bhaineann leis an dá aistriú agus le forbairt scileanna. Chun go bhfeidhmeodh FBManna ar bhealach inbhuanaithe, is mór an tábhacht a bhaineann le dálaí an phobail áitiúil ina mbíonn siad ag oibriú, na córais um an bhfostaíocht réigiúnach, tacaíocht ó na húdaráis áitiúla, agus rochtain a bheith acu ar theicneolaíochtaí nua, ar nuálaíochtaí agus ar sheirbhísí na n-ionad barr feabhais gairme.

1.13. Ní mór do ghníomhaithe eacnamaíocha agus dá ngeallsealbhóirí oirchill scileanna a fhorbairt go forleathan. Teastaíonn tacaíocht ó FBManna ionas gur féidir leo a mbeartas caipitil dhaonna a fhorbairt, ó thaobh oiliúna agus forbartha de. Scéimeanna oiliúna sealaíochta agus an fhoghlaim obairbhunaithe, tá siad sin curtha in oiriúint do riachtanais FBManna go háirithe. I ndáil leis sin, tá ról bunriachtanach ag na comhpháirtithe sóisialta maidir leis an idirphlé sóisialta ina réimsí gníomhaíochta.

2. **Barúlacha ginearálta agus cúlra**

2.1. Tháinig comhthéacs nua chun cinn de dheasca phaindéim COVID-19, ceann nach ionann a thuilleadh ann iompraíocht, meon ná cultúr na sochaí. Tá athrú tagtha ar ionchais agus iompraíocht an tomhaltóra (bíonn níos mó cumarsáide agus idirghníomhaíochta ar líne), agus is amhlaidh an scéal sin i gcás samhlacha gnó agus eagrú na hoibre freisin (tá níos mó bealaí le hobair chianda agus obair hibrideach a dhéanamh). Leis an aistriú glas agus an t-aistriú digiteach, réitítear an bealach chun na córais agus na cleachtais oideachais agus oiliúna atá ann cheana a oiriúnú ionas gur féidir an t-eolas, na scileanna agus na hinniúlachtaí cearta a chur ar fáil tríothu.

2.2. Bhí scileanna, cáilíochtaí, an fhostaíocht, cineál athraitheach na hoibre agus forbairt margaidh saothair chuimsithigh ina n-ábhar don iliomad tuairimí ó CESE ([5]), agus tá na tuairimí sin fós ábhartha sa lá atá inniu ann. Tá sé d'aidhm ag an tuairim seo anailís a dhéanamh ar cé na cineálacha scileanna atá ag teastáil le haghaidh claochluithe sa mhargadh saothair amach anseo agus ar conas an infhostaitheacht a chothabháil agus rannchuidiú le borradh a chur faoin táirgiúlacht, mar aon le breithniú a dhéanamh ar straitéisí a bheadh éifeachtach maidir le feabhas a chur ar fhorbairt an lucht saothair agus ganntanais saothair a laghdú, i dtaobh FBManna chomh maith.

2.3. Ní mór straitéisí forbartha scileanna a chur san áireamh mar chuid de bheartais agus de phleananna náisiúnta fáis i gcomhréir le taighde tionsclaíoch agus forbairt eacnamaíoch. Ba cheart do na Ballstáit forbairt earnálacha a mbaineann luach mór breise leo a chur chun cinn, cabhrú le hoibrithe agus le gnólachtaí athruithe a bhainistiú agus a bheith in ann cos a choimeád leis an nuálaíocht sna réimsí teicneolaíochta, digiteacha agus glasa. Chuige sin, beidh gá le tuilleadh infheistíochta in acmhainní agus i bpleanáil córais oideachais agus oiliúna lena mbeifear in ann aghaidh a thabhairt ar na dúshláin nua agus deireadh a chur leis an mímheaitseáil sa mhargadh saothair.

2.4. Creideann CESE gur saincheist ilghnéitheach é an infhostaitheacht inbhuanaithe a chothabháil. Is iad na príomhdhúshláin a bhaineann leis sin cineál athraitheach na hoibre, na bpost agus na slite gairme, an gá le cur chun feidhme éifeachtach an chirt chun foghlama agus chun forbartha ar feadh an tsaoil, an digiteáil, ról méadaitheach na hacmhainneachta daonna agus na táirgiúlachta saothair, athruithe ar eagrú na hoibre, an t-athrú déimeagrafach agus an gá le patrúin nua cothromaíochta oibre is saoil a áirithiú le ham solúbtha oibre, agus beartais um aosú gníomhach a chur chun cinn ([6]). Is gá timpeallacht thacúil a bheith ann ionas go dtuigfidh daoine agus go mbeidh siad ar an eolas faoin tábhacht a bhaineann leis an oiliúint dá saol gairmiúil, agus go mbeidh siad in ann – agus spreagtha – chun na deiseanna ar fad atá ann ó thaobh na foghlama ar feadh an tsaoil de a thapú, beag beann ar pé céim den saol ag a bhfuil na daoine sin. Sa chomhthéacs sin, baineann an cumas chun fostaíocht a chothabháil go díreach leis na meonta i dtaobh scileanna nua a fhorbairt i gcomhréir le dinimic an mhargaidh saothair agus an acmhainn chun déanamh amhlaidh.

2.5. Is príomhghníomhaithe iad na comhpháirtithe sóisialta a mhéid a bhaineann le scileanna infhostaitheachta a fhorbairt agus a chothabháil. Is iad is fearr atá in ann tacú le huaillmhian an fhostaí ina ghairm bheatha a chomhoiriúnú le riachtanais scileanna na cuideachta. Tá ról na gcomhpháirtithe sin, go háirithe trí struchtúr cómhargála fónta agus éifeachtach, ríthábhachtach sa phróiseas chun scileanna a aithint. D'fhonn an toradh foriomlán sna margaí saothair a fheabhsú, measann CESE nach mór neartú a dhéanamh ar an gcomhordú idir córais oideachais, córais ghairmoideachais agus ghairmoiliúna agus seirbhísí fostaíochta ar thaobh amháin, agus, ar an taobh eile, beartais maidir le forbairt nuálaíochta, tionsclaíochta, trádála, agus teicneolaíochta, i dteannta le beartais mhaicreacnamaíocha. D'fhéadfadh sé sin a bheith éifeachtach ar na leibhéil áitiúla go háirithe.

2.6. Chomh maith leis sin, mar thoradh ar athruithe ar chineál na hoibre, tá cineálacha nua agus solúbtha caidrimh fostaíochta agus samhlacha fostaíochta neamhchaighdeánacha á bhforbairt agus tá struchtúrú mhargadh saothair na hEorpa á athrú dá bharr sin. A bhuí le cineálacha nua oibre, a chosnaítear go hiomchuí, féadfar deiseanna nua a chur ar fáil do dhaoine chun tabhairt faoin bhfiontraíocht, chun a n-ioncaim a éagsúlú, agus chun dul i mbun gairmeacha agus gníomhaíochtaí nach raibh fáil acu orthu roimhe seo. Ar an taobh eile de, ba cheart ráthú a bheith ann leis na cineálacha nua oibre go mbeidh rochtain ar chosaint shóisialta, ós rud é go bhfuil sé sin nasctha go díreach le hinbhuanaitheacht

([5]) Tuarascáil staidéir ón bhFaireachlann um Margadh an tSaothair (FMS), *The work of the future, ensuring lifelong learning and training of employees*, (2022); An méid atá i ndán don obair – eolas agus scileanna iomchuí a shealbhú chun riachtanais post amach anseo a chomhlíonadh (2017; níl leagan Gaeilge ann); Cistiú Inbhuanaithe le haghaidh foghlaim ar feadh an tsaoil agus forbairt scileanna i gcomhthéacs ganntanas oibrithe oilte a bheith ann (2019; níl leagan Gaeilge ann); An saol oibre atá ag athrú agus ionchas saoil agus aosú an daonra – Réamhchoinníollacha maidir le hoibrithe scothaosta a bheith gníomhach i saol nua na hoibre (2019; níl leagan Gaeilge ann); An digiteáil, an intleacht shaorga agus an chothroime – conas an tAontas a chur chun tosaigh sa rás domhanda maidir le scileanna agus oideachas na todhchaí, agus an cuimsiú sóisialta á áirithiú san am céanna (2019; níl leagan Gaeilge ann); An Ghairmoiliúint: Éifeachtacht na gCóras chun Scileanna agus Riachtanais an Mhargaidh Saothair a thuar agus a mheaitseáil agus ról na gComhpháirtithe Sóisialta agus na nGeallsealbhóirí Éagsúla (2020); Togra le haghaidh moladh ón gComhairle i ndáil le gairmoideachas agus gairmoiliúint (VET) le haghaidh an iomaíochais inbhuanaithe, na cothroime shóisialta agus na hathléimneachta (2020; níl leagan Gaeilge ann); An chaoi chun na scileanna atá de dhíth ar an Eoraip a chur chun cinn, bunaithe ar an oideachas agus ar an oiliúint i gcomhthéacs na foghlama ar feadh an tsaoil, ar mhaithe le sochaí níos córa, níos comhtháite, níos inbhuanaithe, níos digití agus níos athléimní a bhunú (2020); Straitéis FBM d'Eoraip inbhuanaithe agus dhigiteach (2020; níl leagan Gaeilge ann); Éiceachórais thionsclaíocha, uathriail straitéiseach agus dea-bhail (2021); An fhoghlaim chumaisc (2021); An pacáiste ardoideachais (2022), etc.

([6]) https://www.eurofound.europa.eu/ga/node/91839
http://erc-online.eu/wp-content/uploads/2017/03/With-signatures_Framework-agreement-on-active-ageing.pdf

airgeadais na gcóras cosanta sóisialta. Ar mhaithe leis an infhostaitheacht a chothabháil faoi na coinníollacha sin, teastaíonn rialáil iomchuí (lena n-áirítear tríd an gcómhargáil), cineál nua meoin spreagtha, an cultúr ceart dlíthiúil agus eacnamaíoch, agus an toilteanas chun scileanna fiontraíochta agus gairmiúla a fhreagraíonn do na dálaí athraitheacha a fhorbairt.

2.7. I ngeall ar ghlacadh teicneolaíochtaí digiteacha agus an tionchar atá acu ar chineál agus ar eagrú na hoibre, d'fhéadfadh dúshláin thromchúiseacha teacht aníos ó thaobh an infhostaitheacht agus torthaí rathúla mhargadh an tsaothair a chothabháil. De dheasca na digiteála, d'fhéadfadh sé go mbeadh baol ann go rachadh na neamhionannais atá ann cheana in olcas mar gheall ar dhifríochtaí ollmhóra i réimse an oideachais, lena n-áirítear an litearthacht bhunúsach agus an litearthacht fheidhmiúil, bacainní aoise, rochtain ar theicneolaíochtaí nua-aimseartha mar aon lena oiread a úsáidtear na teicneolaíochtaí sin ag brath ar scileanna agus ar ioncaim. Ós rud é gur glúin dhigiteach í, a bheag nó a mhór, an ghlúin atá ag teacht chun cinn agus gur nós le daoine scothaosta modhanna analógacha oibre a roghnú, d'fhéadfadh an dá ghlúin dul chun tairbhe dá chéile. Is díol sásaimh do CESE na hinfheistíochtaí ollmhóra arna ndéanamh i scileanna digiteacha trí na pleananna náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta.

2.8. Is éard is scileanna glasa ann an t-eolas, na hábaltachtaí, na luachanna agus na meonta atá ag teastáil chun maireachtáil i sochaí inbhuanaithe atá tíosach ar acmhainní agus chun an sórt sochaí sin a fhorbairt agus chun tacú léi ([7]). Fágfaidh an t-aistriú glas go gcaithfear athruithe a dhéanamh ar phróisis táirgthe agus ar shamhlacha gnó agus dá bharr sin is cinnte go dtiocfaidh athrú ar na scileanna atá ag teastáil agus ar na cúraimí a bhaineann le roinnt mhaith gairmeacha atá ann cheana, agus go mbeidh gá le cláir uas-scilithe agus athscilithe d'oibrithe. Má tá an t-aistriú glas chun bheith rathúil, teastóidh daoine a bhfuil na scileanna cearta acu. Aithníonn CESE an fhreagairt bheartais atá ann chuige sin agus iarrann sé go gcuirfí réitigh phraiticiúla ar fáil do shaoránaigh agus gnólachtaí an Aontais.

2.9. I bhfianaise treochtaí déimeagrafacha dochúlaithe, lucht saothair atá ag dul i laghad agus an mhéadaithe atá tagtha ar fhad saoil an duine, is gá beartais nua maidir le heagrú na hoibre a chur chun cinn mar aon le cláir malartaithe idirghlúine, patrúin nua oibre is saoil le ham solúbtha oibre idirbheartaithe, agus bearta lenar féidir cur leis an táirgiúlacht saothair agus an t-aosú gníomhach a chur chun cinn. Ó thaobh na hinfhostaitheachta de, is ann d'an-chuid fadhbanna agus dúshlán i mbainistiú aistrithe i saolréanna a bhaineann leis an obair. Ar na fadhbanna agus na dúshláin sin, tá cóir chothrom chomhionann do na glúnta sa mhargadh saothair, an cultúr a bhaineann leis an aois a thuiscint, bainistiú difríochtaí idir na glúnta agus bainistiú caipitil shóisialta. Chabhrófaí leis an infhostaitheacht a chothabháil, rannchuideofaí le táirgiúlacht mhéadaithe ag gach céim den saol, agus chuirfí feabhas ar an gcomhar agus ar an tacaíocht idir na glúnta san áit oibre ach comhionannas deiseanna a bheith ar fáil do chách tabhairt faoin bhfoghlaim ar feadh an tsaoil.

2.10. Cuid thábhachtach d'aon slabhra soláthair scileanna amach anseo is ea imircigh a bhfuil scileanna ar leith acu a mhealladh. Chuige sin, is céim dhearfach í an Teachtaireacht ón gCoimisiún "Scileanna agus tallanna a mhealladh chuig an Aontas Eorpach".

3. **Na scileanna atá ag teastáil le haghaidh claochluithe amach anseo sa mhargadh saothair**

3.1. Tá scileanna ríthábhachtach má tá rath le bheith ar shochaithe, cuideachtaí agus daoine aonair i saol atá ag éirí níos idirnasctha agus atá ag athrú go tapa. Tá saol oibre difriúil i ndán do dhaoine a bhfuil leibhéil dhifriúla oideachais agus cáilíochtaí acu. Tiocfaidh laghdú de réir a chéile ar an éileamh ar phoist ar bheagán oiliúna, cé go gcaomhnófar líon mór díobh. Is mó an riosca go ndéanfar claochlú ar roinnt de na cúraimí oibre a bhaineann le scileanna fisiciúla, láimhe, uimhriúla nó seirbhíse custaiméara, sin nó gheofar réidh leo, mar gheall ar ghlacadh córas uathoibrithe agus córas cliste. Mar sin féin beidh poist ann i gcónaí do cheardaithe agus dóibh siúd a bhfuil gairm acu i réimse na healaíne ach is ríthábhachtach an rud dóibh é uas-sciliú a dhéanamh chun cos a choimeád leis an bhforbairt eacnamaíoch agus shóisialta. De dheasca an aistrithe dhigitigh agus an aistrithe ghlais, tiocfaidh fás suntasach ar an éileamh ar leibhéil arda oideachais agus cáilíochtaí. Beidh na poist a dteastaíonn meánleibhéal scileanna chucu seasmhach go ceann seal eile, ach déanfar an-chuid díobh a chlaochlú i gcomhréir le riachtanais an mhargaidh saothair.

3.2. Tá méadú ag teacht ar a thábhachtaí atá ról na gcóras maidir le scileanna a ghnóthú, a thuar agus a aicmiú i bhfianaise riachtanais an mhargaidh saothair atá ag athrú go mór. Is díol sásaimh do CESE an treocht i dtreo cruthú agus forbairt tacsanomaíochtaí Eorpacha agus foclóirí Eorpacha maidir le scileanna agus inniúlachtaí, amhail ESCO, an Creat Inniúlachta Digití (DigComp 2.2), DigCompEdu, creat Eorpach r-inniúlachtaí, DISCO, Gairmeacha an Aontais Eorpaigh, GreenComp agus araile. Cuireann siad sin go mór le trédhearcacht na scileanna atá de dhíth sa mhargadh saothair, le hinaistritheacht cáilíochtaí agus le cur chuige atá bunaithe ar inniúlachtaí a thabhairt isteach i réimse an oideachais, i réimse

([7]) Eagraíocht Forbartha Tionscail na Náisiún Aontaithe.

na hoiliúna agus i bhforbairt acmhainní daonna. Ag an am céanna, maidir le dearadh agus cur chun feidhme na n-uirlisí lena ndéantar riachtanais scileanna i dtíortha aonair a thuar, tá CESE ar aon fhocal leis an dearcadh ([8]) nach bhfuil an próiseas sin ar an leibhéal atá ag teastáil, nach bhfuil na geallsealbhóirí go léir rannpháirteach go gníomhach ann agus nach mbaineann siad úsáid iomlán as na torthaí ach oiread.

3.3. Tá ról ríthábhachtach ag na comhpháirtithe sóisialta a mhéid a bhaineann le straitéisí maidir le forbairt scileanna a shainiú i bhfianaise na sonraí ó fhaireachlanna gairmiúla agus faireachlanna críochacha. Dá bhrí sin, tá sé ríthábhachtach go mbeadh na comhpháirtithe sóisialta rannpháirteach ó thús an phróisis sin chun nach mbeadh mímheaitseáil idir fíor-riachtanais na bhfostóirí agus fíor-riachtanais na bhfostaithe san Eoraip.

3.4. Gan amhras, beidh **scileanna digiteacha** ar na scileanna is tábhachtaí amach anseo. I ngach earnáil de gheilleagar na hEorpa, tá méadú suntasach tagtha ar an ngá atá le scileanna digiteacha speisialaithe agus ardfhorbartha.

3.5. Tá méadú tagtha freisin ar an ngá le scileanna ETIM mar a thugtar orthu (eolaíocht, teicneolaíocht, innealtóireacht agus matamaitic) agus comhcheangail idirdhisciplíneacha scileanna, e.g. "scileanna hibrideacha", "scileanna trasnaí" agus "scileanna idirfheidhmiúla". Tiocfaidh méadú ar a luachmhaire atá saineolas gairmiúil, scileanna taighde agus fadbhreathnaitheachta, scileanna chun anailís agus léirmhíniú sofaisticiúil a dhéanamh ar fhaisnéis chasta agus scileanna teicneolaíochta. San innéacs Scileanna Glasa Ginearálta ([9]), sainaithnítear ceithre ghrúpa **scileanna** a mbaineann tábhacht ar leith leo i dtaobh gairmeacha **glasa**: scileanna innealtóireachta agus teicniúla; scileanna eolaíochta; scileanna bainistithe oibriúchán; agus scileanna faireacháin.

3.6. Beidh **scileanna cognaíocha** ardoird ag teastáil níos mó agus níos mó i dtaobh riachtanais na ngeilleagar agus an mhargaidh saothair amach anseo ionas go bhféadfaí oibriú agus cinntí a dhéanamh i dtimpeallacht nach féidir a thuar, nach mbaineann gnáthamh léi agus atá de shíor ag athrú. Den chuid is mó, scileanna anailíseacha, cruthaitheacha, nuálacha, neamhchaighdeánacha, sistéamacha, coincheapúla, straitéiseacha, teibí, neamhspleácha, agus smaointeoireachta criticiúla is ea a bheidh i gceist leo sin. Tá "**meitiscileanna**", lenar féidir dlús a chur le scileanna eile a fhoghlaim agus atá ina gcatalaíoch i gcomhair na foghlama ar bhonn níos tapúla agus na forbartha rathúla ar feadh an tsaoil, ríthábhachtach chun an infhostaitheacht a chothabháil sna dálaí nua-aimseartha.

3.7. Beidh gá i gcónaí le "**bogscileanna**" sa mhargadh saothair agus ní thiocfaidh meaisíní ná algartaim ina n-áit sin. Teastóidh an iliomad scileanna soch-chumarsáide agus scileanna iompraíochta i dtaobh thodhchaí na hoibre agus na bpróifílí poist atá ag athrú. As measc na scileanna is mó a mbeidh tóir orthu, tá an éirim mhothúchánach, an chomhbhá, forbairt caidrimh, an líonrú, cumarsáid éifeachtach, an treallús, an obair bhuíne, an stíleáil, an bhéasaíocht ghnó, an chaoinfhulaingt idirchultúrtha, an idirbheartaíocht, bainistíocht coinbhleachta, etc.

3.8. Chomh maith leis sin, ar na scileanna is mó éileamh sa mhargadh saothair, tá roinnt mhaith scileanna **idirfheidhmiúla** agus scileanna **iompraíochta** a bhaineann le héifeachtacht an duine aonair. Ar a shon sin, is iad seo a leanas na scileanna is mó éileamh: an fhiontraíocht agus an obair bhuíne; scileanna cinnteoireachta agus réitigh fadhbanna; a bheith dírithe ar thorthaí; an iltascáil; an tsolúbthacht agus an inoiriúnaitheacht; meanma na tionscnaíochta; an tseiftiúlacht; glacadh freagrachta; an fhéinmhonatóireacht; an fhadbhreathnaitheacht; mionchruinneas; cumas déileáil leis an éiginnteacht, an teannas agus an strus; bainistíocht ama, etc.

4. **Forbairt an lucht saothair le haghaidh margadh saothair cuimsitheach agus le haghaidh ardtáirgiúlachta**

4.1. Le gur féidir le margadh saothair na hEorpa na dúshláin atá roimhe a chur de, ní mór dó, thar aon ní eile, a bheith cuimsitheach, cothrom iomaíochta a áirithiú, agus dálaí a chruthú le haghaidh infheistíocht i gcórais fostaíochta dhea-fheidhmiúla a d'fhéadfadh cur le táirgiúlacht mhéadaithe agus beartais éifeachtúla oiliúna agus scileanna a threorú, mar aon le beartais ghníomhacha láidre maidir leis an margadh saothair. In ainneoin na dtraidisiún agus na gcleachtas éagsúil ó Bhallstát go Ballstát, creideann CESE gur gá:

4.1.1. barrfheabhas a chur ar chórais chun faireachán agus anailís a dhéanamh ar riachtanais scileanna an mhargaidh saothair agus chun na riachtanais sin a thuar;

([8]) Féach *Skill needs anticipation: systems and approaches – Analysis of stakeholder survey on skill needs assessment and anticipation*. EIS – An Ghinéiv, 2017, ISBN: 978-92-2-130248-3 (https://www.cedefop.europa.eu/files/2223_en.pdf).
Rún ón gComhairle maidir le clár oibre Eorpach nua don fhoghlaim aosach 2021-2030 (2021/C 504/02).

([9]) http://www.nber.org/papers/w21116

4.1.2. dlús a chur le rannpháirtíocht na gcomhpháirtithe sóisialta agus na ngeallsealbhóirí uile, agus aird ar leith á tabhairt ar acmhainn na bhfiontar nósanna imeachta inmheánacha a fhorbairt d'fhonn bearnaí scileanna agus riachtanais oiliúna a shainaithint, agus ar a n-acmhainn bearta a chur i bhfeidhm ar mhaithe le huas-sciliú agus athsciliú a lucht saothair féin;

4.1.3. cur chuige nua-aimseartha agus teicneolaíochtaí faisnéise a chur i bhfeidhm ar mhaithe le sonraí anailíseacha maidir le scileanna a neartú agus a chórasú ó earnáil go chéile agus ó réigiún go chéile, agus ionas go mbeidh rochtain ar na sonraí sin, d'fhonn oiliúint agus cáilíochtaí ábhartha a chur ar fáil do riachtanais an mhargaidh saothair. Mar shampla, is féidir le hardáin intleachta tallainne réimse faisnéise maidir le hoibrithe ar thaobh amháin (cuir i gcás a scileanna, a n-acmhainní, a dtaithí, a mianta i dtaobh na forbartha gairmiúla, a ndéimeagrafaic, a riachtanais oiliúna, a ndeiseanna forbartha) a thabhairt le chéile le riachtanais na bhfostaithe ar an taobh eile;

4.1.4. measúnú straitéiseach a dhéanamh, i gcomhar leis na comhpháirtithe sóisialta, ar na dúshláin agus na himpleachtaí a bheidh ann do phoist, gairmeacha beatha, cáilíochtaí, gníomhaíochtaí agus scileanna mar gheall ar an aistriú chuig geilleagar glas agus geilleagar digiteach, agus foirmeacha iomchuí cáilíochta agus athscilithe araon a fhorbairt, chomh maith le hinfheistíocht a dhéanamh i bhforbairt scileanna agus sa tacaíocht le haghaidh daoine a ndearna an t-athrú difear dóibh nó atá i mbun aistriú chuig poist ghlasa;

4.1.5. anailís a dhéanamh ar na bacainní atá roimh dhaoine óga maidir le cáilíochtaí agus scileanna ETIM a ghnóthú, agus gníomhaíochtaí spriocdhírithe a dhéanamh d'fhonn tarraingteacht oideachas agus ghairmeacha beatha ETIM a ardú i measc cailíní agus ban;

4.1.6. bearta a dhéanamh chun córais ghairmoideachais agus ghairmoiliúna a chruthú atá sofhreagrúil, athléimneach, agus a bheidh in ann an aimsir a sheasamh, cinn ar féidir leo daoine óga a mhealladh agus tacú lena ndul isteach i margadh athraitheach saothair, agus a áiritheoidh go mbeidh rochtain ag daoine fásta ar chláir ghairmoideachais atá oiriúnaithe dá riachtanais agus don aistriú glas agus an t-aistriú digiteach;

4.1.7. ról straitéiseach níos gníomhaí a áirithiú le haghaidh na gcomhpháirtithe sóisialta maidir le dlús a chur leis an timthriall ar lena linn a chruthaítear agus a thairiscítear cáilíochtaí nua, maidir le curaclaim a thabhairt cothrom le dáta, agus maidir le sásraí agus iniúchóireacht ardcháilíochta a chistiú. Ba cheart aird ar leith a thabhairt ar mhicridhintiúir, ar a gcaighdeáin cháilíochta agus ar na deiseanna le hiad a aithint agus a chuimsiú i líonraí a bhfuil cáilíochtaí níos leithne acu; bunú coistí earnála a leathnú ar an leibhéal críochach freisin le rannpháirtíocht na gcomhpháirtithe sóisialta agus institiúidí oideachais, d'fhonn aghaidh a thabhairt ar mhímheaitseálacha scileanna agus d'fhonn micridhintiúir a chruthú go solúbtha atá i gcomhréir go dlúth le riachtanais oiliúna cuideachtaí;

4.1.8. úsáid cómhargála a spreagadh d'fhonn rochtain ar an bhfoghlaim ar feadh an tsaoil a áirithiú agus an cuimsiú a éascú sa mhargadh saothair, lena n-áirítear tríd an méid seo a leanas: cuntais foghlama aonair, na féidearthachtaí a fhiosrú maidir le saoire oiliúna íoctha, de réir cleachtais náisiúnta, agus íosmhéid uaireanta oiliúna in aghaidh na bliana; dreasachtaí a chur ar fáil le tabhairt faoi uas-sciliú agus athsciliú; cáilíochtaí a aithint ar fud na mBallstát; córais bainistíochta eolais chorparáidigh a fhorbairt; conarthaí meantóireachta a thabhairt i gcrích le fostaithe atá ar scor ach a bhfuil taithí acu, etc.;

4.1.9. beartais a fhorbairt lena n-áirithítear rochtain chomhionann ar dheiseanna foghlama agus forbartha. Is éard atá i gceist leis sin:

4.1.9.1. na trí chéim a leagadh amach sa Mholadh ón Aontas ó 2016 *Upskilling Pathways: New Opportunities for Adults* [Conairí Breisoiliúna: Deiseanna Nua do Dhaoine Fásta] a chur chun feidhme, arb iad sin measúnú ar scileanna, tairiscint foghlama a chur ar fáil atá curtha in oiriúint don duine, agus scileanna atá gnóthaithe a bhailíochtú agus a aithint;

4.1.10. aird ar leith a thabhairt ar na catagóirí sin oibrithe is mó a fhágtar ar lár ó thaobh oiliúna de, ach arb iad na catagóirí is mó, ar an gcúis cheannann chéanna, a bhfuil gá acu leis an oiliúint sin. Ina measc, tá: oibrithe ar bheagán scileanna; daoine atá níos sine ná 45; daoine faoi mhíchumas; mná atá ag filleadh ar an obair tar éis neamhláithreachtaí fada mar gheall ar fhreagrachtaí teaghlaigh agus cúraim; imircigh agus dídeanaithe. Tá ról eagraíochtaí na sochaí sibhialta agus na bhfiontar sóisialta ríthábhachtach chun cabhrú leis na grúpaí leochaileacha sin lena riachtanais oiliúna.

5. **Dúshláin atá roimh FBManna maidir leis na scileanna a fhorbairt a bheidh ag teastáil le haghaidh claochluithe amach anseo sa mhargadh saothair**

5.1. Micrifhiontair agus fiontair bheaga agus mheánmhéide is ea 99 % de na gnólachtaí uile san Aontas. Gineann tuairim agus 24 mhilliún FBM breis agus EUR 4 thrilliún de bhreisluach agus tá níos mó ná 90 milliún duine fostaithe acu. Ina fhianaise sin, is foinse ríthábhachtach meoin fiontraíochta agus nuálaíochta iad FBManna, meon atá an-tábhachtach ar fad le haghaidh fhorbairt inbhuanaithe agus iomaíochas thionscal na hEorpa ([10]). Aithníodh i gcónaí an tábhacht a bhaineann le FBManna. Mar thoradh ar COVID-19, áfach, tháinig sé chun léire a leochailí atá siad ó thaobh tionchair sheachtracha de, go háirithe i gcomhthéacs géarchéim a d'fháig an t-uafás FBManna i staid airgeadais neamhchinnte agus a chuir na milliúin post i mbaol.

5.2. Tá na dúshláin chéanna ag FBManna agus atá ag gach duine eile, ach tá fadhbanna sonracha acu maidir le rochtain níos fearr ar an margadh agus maoiniú níos fearr, glacadh na nuálaíochta, an digiteáil, an t-aistriú chuig samhlacha aeráidneodracha gnó agus an t-aistriú ón táirgeadh líneach go dtí an táirgeadh ciorclach.

5.3. De dheasca acmhainní teoranta, easpa saineolais agus a suímh réigiúnaigh, tá deacrachtaí ollmhóra ag formhór mór FBManna tallann a mhealladh agus baill foirne a roghnú, oiliúint a chur orthu, iad a fhorbairt, a spreagadh agus a choinneáil. Níl straitéisí ná beartais scríofa le haghaidh bainistíocht acmhainní daonna ach ag tuairim agus 40 % de FBManna. Toisc go mbíonn sé deacair dóibh cúiteamh a dhéanamh agus baill foirne as láthair toisc iad a bheith i mbun oiliúint sheachtrach, agus i bhfianaise a n-acmhainneachta teoranta airgeadais, tá céatadán níos ísle ag FBManna maidir le húsáid foirmeacha gairmoiliúna aghaidh ar aghaidh.

5.4. Oibríonn an chuid is mó de FBManna i margaí sonracha nideoige agus/nó in earnálacha sonracha eacnamaíocha neamhthraidisiúnta ina bhfuil cineál oibre a dteastaíonn scileanna gairmiúla ar leith uaithi nach mór a ghnóthú agus a fhorbairt i bhfíorthimpeallachtaí praiticiúla. Fágann na hacmhainní teoranta daonna atá ann gur minic a theastaíonn speisialtóireacht níos leithne agus scileanna hibrideacha inaistrithe ó phoist i bhfianaise an ghá le réimse níos leithne dualgas feidhmiúil a chomhcheangal.

5.5. Baineann riachtanais scileanna sonracha FBManna go príomha leis an méid seo a leanas: an fhiontraíocht theicneolaíoch; deiseanna gnó a shainaithint; measúnú agus bainistiú riosca; foinsí cistiúcháin; straitéisí cuideachta, tionscadail ghnó agus pleananna gnó a fhorbairt; samhlacha nuálacha gnó a chur chun feidhme; úsáid a bhaint as teicneolaíochtaí digiteacha, as an mbrandáil dhigiteach agus as an margaíocht dhigiteach; gníomhú i gcomhréir leis an gcreat rialála seanbhunaithe, riarachán foirne, an geilleagar glas agus úsáid foinsí inathnuaite fuinnimh, chomh maith leis an ngeilleagar ciorclach.

5.6. I bhfianaise chineál teicniúil na ngairmeacha i roinnt mhaith FBManna a bhfuil saineolas uathúil acu, go háirithe i margaí nideoige, freagraíonn an oiliúint le linn na hoibre go cuí dá riachtanais scileanna. Ar an gcaoi chéanna, tá an oiliúint le linn na hoibre ag teastáil chun dúshláin an chlaochlaithe dhigitigh agus dúshláin an chlaochlaithe ghlais a shárú. Sa chineál sin oiliúna, éascaítear forbairt scileanna in FBManna a bhuí leis an deis níos fusa a dtugtar léi oiliúint inmheánach a eagrú agus eolas a aistriú laistigh den chuideachta. Ar mhaithe le haghaidh a thabhairt ar an bhfadhb a bhaineann le leibhéil táirgeachta a chothabháil fad agus atá oibrithe as láthair toisc iad a bheith ag freastal ar chúrsaí oiliúna, ba cheart cineálacha iomchuí oiliúna agus ionstraimí *ad hoc* a bheith ar fáil d'fhostaithe, amhail cláir oiliúna a chomhroinnt ar an leibhéal earnála nó ar an leibhéal críochach lena gcothófar sineirgí idir FBManna, agus rochtain a bheith acu ar bhearta spriocdhírithe tacaíochta airgeadais.

5.7. Ní mór do ghníomhaithe eacnamaíocha agus dá ngeallsealbhóirí oirchill scileanna a fhorbairt go forleathan. Chuige sin, tá ról nach beag a thábhacht ag na comhpháirtithe sóisialta, tríd an idirphlé sóisialta, i mbrainsí agus in earnálacha gairme.

An Bhruiséil, an 22 Feabhra 2023.

Uachtarán
Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa
Christa SCHWENG

([10]) https://www.europarl.europa.eu/factsheets/ga/sheet/63/small-and-medium-sized-enterprises